Is iomaí craiceann a chuireann an iníon léinn Erasmus di

**Alana Ní Chiaráin**

Anseo i Madrid atá mé, príomhchathair na Spáinne. Tá mé anseo le trí mhí anois agus mé i mo mhac léinn Erasmus. Tá mé ag déanamh staidéir ar an Spáinnis agus ar an Ghaeilge in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, rud a thug an deis seo dom m'idirbhliain a chaitheamh thar lear – le bheith tumtha sa Spáinnis.

Is *auxiliar de conversación* nó cúntóir teanga mé i meánscoil dhátheangach i lár na Cathrach. Tá freagrachtaí ar leith i gceist le mo ról mar *auxiliar*. Cuidím leis na daltaí a scileanna cumarsáide a fhorbairt agus déanaim iarracht iad a spreagadh leis an spriocthheanga, an Béarla, a labhairt.

D'ullmhaigh an t-am atá caite agam mar cheannaire i gColáiste Gael Linn Mhachaire Rabhartaigh don ról seo mar chúntóir teanga mé. Cuimhním ar na seifteanna go léir a d'oibrigh domsa agus mé ag foghlaim na Gaeilge; cluiche, damhsa, ról-imirtí, athrá agus athrá.

Tuigim an tábhacht a bhaineann leis na ceachtanna a bheith ullmhaithe go maith roimh réidh. Déanann sé an obair níos fusa domsa agus na ranganna níos éifeachtaí do na daltaí. Anois is arís áfach, is maith liom an stíl éasca a chleachtadh agus na rámhaí a ligint le sruth - dinimic an ghrúpa a léamh agus gan cosc a chur ar an fhoghlaim nádúrtha: an rud a fhoghlaimíonn tú le fonn fanann sé leat is dóigh liom.

Bím ag cruthú áiseanna foghlama do na daltaí agus ag cruthú deiseanna dóibh an Béarla a úsáid fosta. Anois is arís, sleamhnaím seanfhocal i nGaeilge isteach le mo ról mar ambasadóir cultúrtha na hÉireann a chomhlíonadh ina iomláine. Is breá leis na déagóirí Spáinneacha ós mo chomhair eolas a fháil uaim nach bhfuil teacht éasca air sna leabhair acu. Glacaim gach seans is féidir saol agus cultúr na hÉireann a theagasc do na scoláirí. Is iontach an tsuim a chuir siad i stair na hÉireann (an stair ó thuaidh go háirithe), piseoga agus ceol na hÉireann. Bhain na scoláirí an-sult as an rang inar phléigh mé cúrsaí spóirt in Éirinn agus tá sé ar intinn agam an pheil Ghaelach a theagasc agus a thaispeáint dóibh sa rang chorpoideachais. Níor mheas mé choíche go mbeidh mé i mo mhúinteoir corpoiliúna choíche ach is iomaí craiceann a chuireann an iníon léinn Erasmus di.

Nuair a bhí mé ag míniú an ghnáthshaoil in Éirinn do na scoláirí, baineadh geit astu nuair a d'fhoghlaim siad na difríochtaí idir saol na Spáinne agus saol na hÉireann. Ní an aimsir atá i gceist agam ach rud eile atá an-bhunúsach. Ní hionnan na hamanna itheacháin sa dá thír. Bíonn am lóin acu thart ar 2 nó 3 san iarnóin sa Spáinn; ach an difear is mó, dar liom, am dinnéir. Itheann na Spáinnigh a ndinnéar thart ar 9 go dtí 11 san oíche – am suipéir in Éirinn. Leoga, ghlac sé tamall fada ar mo bholg féin géilleadh do na hamanna seo: Is maith an t-anlann an t-ocras.

B'fhéidir go mbíonn muid ró-dhaingean faoi amanna na mbéilte in Éirinn. Nár bhreá thall is abhus dul chun na pictiúrlainne sa bhaile in Ard Mhacha agus béile a bheith agat ina dhiaidh, thart ar 9.30 i.n? Faraor níl muid chomh hEorpach sin go fóill agus má fhaigheann lucht an Bhreatimeachta cead a chinn ní bheidh go deo.

Tá an t-ádh dearg orm. Tá mé an-bhuíoch go deo as an deis seo a bheith ag obair sa Spáinn, agus i Madrid go háirithe, don bhliain. Cathair álainn í. Cathair ghlan agus chairdiúil. Oibríonn an córas iompair go seoighe agus cheannaíonn an Euro ar do chárta Revolut níos mó. Bainfidh na praghasanna siar asam nuair a fhilleas mé don Nollaig.

Bíonn na múinteoirí uilig i mo scoil chomh deas cuidiúil. Tá mé ag baint an-sult as m'am abhus. Baineann na múinteoirí sult as na téamaí a phléim fosta leis na daltaí. Bíonn siad i gcónaí ag iarraidh níos mó a fháil amach faoi shaoithiúlacht an chultúir in Éirinn – dul amach chuig club oíche roimh mheán oíche, mar shampla! Ní dhruideann na clubanna oíche go dtí 6 ar maidin anseo i Madrid, ach má bhíonn tú tuirseach nach cuma! Is féidir Metro na Maidine a fháil abhaile.

Tá mé i mo chónaí le daoine ó áiteacha éagsúla ar fud an domhain: an Spáinn, Meiriceá, an Túinéis agus an Airgintín. Bhí an-chraic ann le linn Chorn an Domhain. Tugann sé seo deis mhaith dom mo chuid Spáinnise a fheabhsú agus a chleachtadh. Tugann sé an seans dom níos mó a fhoghlaim faoi chultúir dhifriúla thart ar an domhan. Cuireann sé na coláistí samhraidh i gcuimhne dom le níos mó náisiúntachtaí, níos mó teangacha agus níos mó saoirse.

I measc na rudaí suimiúla a d'fhoghlaim mé fúm féin go dtí seo ar mo bhliain Erasmus: gur féidir liom brúitín den scoth a dhéanamh agus nach féidir le mo chairde nua idirnáisiúnta go leor dó a fháil.  Na rudaí is simplí, is iad na

rudaí is fearr go minic. Ádhúil go leor domsa mar níl clú na cócaireachta orm sa bhaile in Éirinn.